



Na Trí Bhéar

Céim	Snáithe	Snáithaonad
1	Tomhais	Ag Tomhas

Torthaí Foghlama	Coincheapa Matamaitice
Trí eispéiris chuí foghlama spráíúla, ba cheart go mbeadh na páistí in annfeasacht a léiriú gur féidir gnéithe rudaí amhail fad, meáchan, toilleadh agus achar a thomhas agus a chur i gcomparáid lena chéile.	- Is é ceann de chuspóirí an tomhais, chun rudaí a chur i gcomparáid. - Is féidir linn rudaí a chur i gcomparáid agus a chur in ord de réir aitreabúid faoi leith (méid fisiciúil) atá acu i gcomparáid lena chéile.

Matamaitic á Foghlaim

San eispéireas foghlama seo, forbraíonn na foghlaimeoirí feasacht ar thoilleadh trí bheith ag spraoi agus trí thaiscéalaíocht, ach úsáid a bhaint as an scéal ‘Cinnín Óir agus na Trí Bhéar’. Taispeántar trí bhabhla ar mhéideanna difriúla do na foghlaimeoirí agus is le Daidí Béar ceann acu, is le Mamaí Béar ceann eile agus is le Babaí Béar an ceann eile. Léiríonn na foghlaimeoirí a smaointe lena fháil amach cén babhla a thógann an méid is mó leite e.g. leite a dhoirteadh ó bhabhla amháin go dtí ceann eile agus cúis a thabhairt lena réasúnaíocht. I mbeirteanna roghnaíonn na foghlaimeoirí 3 chupán do na béir ó bhailiúchán gloiní plaisteacha agus cupáin phlaisteacha agus cuireann siad in ord iad do Dhaidí Béar, do Mhamáí Béar, agus do Bhabaí Béar. Déanann siad iniúchadh ar thoirteanna na gcupán ach úsáid a bhaint as leachtanna éagsúla, chun an fhoghlaim a dhaingniú. Léiríonn agus roinneann na foghlaimeoirí a smaointeoireacht, ach úsáid a bhaint as réimse uirlisí.

Tuiscint agus Ceangal	Cumarsáid	Réasúnaíocht	Cur i bhFeidhm agus Fadhbanna a Réiteach
<i>An foghlaimeoir</i>			
Láimhseálann sé agus fiosraíonn sé gnáthréada agus gnáthrudaí chun iniúchadh a dhéanamh ar thoilleadh (babhlaí, cupáin etc.).	Tuigeann agus baineann sé úsáid as teanga shárchéime chuí thuairisciúil chomparáideach a shamhlaítear le réimse tréithe (<i>mór, níos mó, is mó</i> etc.)	Tuarann sé an chomparáid a bheidh idir tréithe intomhaiste na réad e.g. tugann sé buille faoi thuairim faoi thoilleadh na réad agus seiceálann sé iad ach comparáid dhíreach a úsáid.	Réitíonn sé fadhbanna tomhais simplí le linn dó a bheith ag spraoi agus i gcásanna fíorshaoil e.g. cén coimeádán a thógann níos mó/níos lú leachta le linn dó a bheith rannpháirteach in imirt le gaineamh agus uisce.



Matamaitic á Teagasc	
Meon Táirgiúil a Chothú	Spraíúlacht a Spreagadh leis an Matamaitic
Léirigh díograis le bheith rannpháirteach i gcúrsaí matamaitice.	Roghnaigh roinnt leachtanna agus coimeádáin éagsúla le soláthar do na foghlaimeoirí chun turgnamh a dhéanamh i dtoilleadh agus chun iniúchadh a dhéanamh ar thoilleadh.
Béim a Chur ar Shamhaltú Matamaiticiúil Tabhair spreagadh do na foghlaimeoirí taifead a dhéanamh ar a léirithe ina ndialann mhatamaitice agus chun plé a dhéanamh orthu sin le chéile.	
Tascanna atá Dúshlánach go Cognáíoch a Úsáid	Comhrá Mata a Chur Chun Cinn
Athraigh an tasc chun tuiscint na bhfoghlaimeoirí a thástáil agus a dhoimhniú trí spúnóga ar mhéideanna éagsúla a sholáthar (5 ml, 15 ml etc.) agus tabhair spreagadh do na foghlaimeoirí tomhas a dhéanamh, cé mhéad acu a teastaíonn chun na coimeádáin a líonadh.	Bain úsáid as ceistiúchán straitéiseach chun spreagadh a thabhairt do na foghlaimeoirí a smaointeoireacht a roinnt agus teanga an toillte a spreagadh agus a úsáid. • Cén chaoi a gcruthófá go dtógann an babhla atá ag Daidí Béar an leacht is mó? • An gceapann tú go bhfuil tionchar ag cruth an choimeádáin ar a thoilleadh? Mínigh • Cé mhéad cupán uisce a bheidh ag teastáil chun an buicéad a líonadh?
Measúnú a dhéanamh ar an Matamaitic	
• An bhfuil an foghlaimeoir in ann na coimeádáin a chur i gcomparáid lena chéile ó thaobh toillte de? • An gceanglaíonn an foghlaimeoir toilleadh le heispéiris an fhíorshaoil? • An bhfuil an foghlaimeoir in ann conairí réitigh a mhíniú agus a chosaint?	
Foinse	
Lámhleabhar Tomhas SFGM leathanach 198	